

## **Ceisteanna Coitianta**

### **1. Cad a bhfuiltear ag iarraidh orm vótáil air?**

Dé hAoine an 24 Bealtaine 2019, iarrfar ar thoghthóirí i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Chorcaí, i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge vótáil i bpobalbhreith. Fiafrófar díobh an bhfuil nó nach bhfuil siad i bhfabhar an togra ón Rialtas maidir le cead a thabhairt do na toghthóirí sna limistéir riaracháin sin Méara (nó Ard-Mhéara i gcás Chathair Chorcaí) a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige a dhírthoghadh.

### **2. Cad is pobalbhreith ann?**

Is é is pobalbhreith ann ná vótáil thoghchánach ina dtéitear i ndáil chomhairle leis an bpobal maidir le togra ar leith. Cuirfear pobalbhreitheanna ar shaincheist na méaraí dírthofa ar siúl i gCathair Chorcaí, i bPort Láirge agus i Luimneach ar an aon lá amháin.

### **3. Cé a fhéadfaidh vótáil sa phobalbhreith?**

Is iad daoine atá ar Chlár na dToghthóirí le haghaidh toghcháin áitiúla do limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Chorcaí, do limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus do limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge a fhéadfaidh vótáil sa phobalbhreith ina limistéar údaráis áitiúil féin.

### **4. Cén uair a bheidh an phobalbhreith ar siúl? Cá háit a gcaithfidh mé dul chun vótáil?**

Beidh an vótáil sa phobalbhreith ar siúl idir 7am agus 10pm Dé hAoine an 24 Bealtaine 2019. Roimh lá na vótála, ba cheart go bhfaighfeá cárta vótála le casadh an phoist. Cuirfear in iúl duit ann cén stáisiún vótála ar cheart duit do vóta a chaitheamh ann. Más rud é nach bhfaighidh tú cárta vótála, beidh tú i dteideal vótáil fós fad atá tú ar chlár na dtoghthóirí.

Is féidir leat é sin a sheiceáil ag [www.checktheregister.ie](http://www.checktheregister.ie)

### **5. Faoi na tograí ón Rialtas, cén ról a bheadh ag Méara/Ard-Mhéara dírthofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige?**

Faoi na tograí ón Rialtas, dhéanfaidh tromlach na dtoghthóirí ar fad den limistéar údaráis áitiúil Méara/Ard-Mhéara dírthofa a thoghadh mar Chathaoirleach ar an gComhairle. Chomhlíonfaidh an Méara/an tArd-Mhéara dírthofa an ról seo a leanas:

- freagracht a ghlacadh as méid suntasach de na feidhmeanna feidhmiúcháin a bhfuil Príomhfheidhmeannach freagrach astu faoi láthair
- an buiséad bliantúil agus tograí beartais áitiúil a chur i láthair agus iad a chur faoi bhráid na Comhairle tofa lena mbreithniú

- soláthar ‘Clár Oifige’, ‘Plean Chorporáidigh’ agus ‘Plean Bhliantúil Soláthair Seirbhíse’ a ullmhú agus a mhaoirsiú
- freagracht a ghlacadh as a chinntiú go gcuirfidh an Príomhfheidhmeannach pleananna na Comhairle chun feidhme go héifeachtach
- gníomhú thar ceann na Comhairle i gcaingne dlí
- cathaoirleacht a dhéanamh ar an gComhchoiste Póilíneachta
- ionadaíocht a dhéanamh don limistéar údaráis áitiúil ar fad ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta

Bheadh téarma oifige cúig bliana ag Méara/Ard-Mhéara díorthofa agus d’fhéadfadh sé dhá théarma ar a mhéad a chur isteach.

## **6. Conas a bheadh ról an Mhéara/an Ard-Mhéara dhíorthofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige difriúil le ról reatha an Mhéara/an Ard-Mhéara?**

Faoi láthair, tá an Méara/an tArd-Mhéara ina chomhairleoir ar seirbhís a dtoghann an Chomhairle thofa é ar feadh téarma aon bhliana. Féadfaidh an Chomhairle é a atoghadh ar feadh téarmaí breise. Mar Mhéara/Ard-Mhéara, tá sé ar an gCathaoirleach ar Chomhairle thofa an údaráis áitiúil. Feidhmíonn sé ‘feidhmeanna forchoimeáda’ mar chomhalta den Chomhairle thofa agus tá roinnt feidhmeanna breise aige faoin reachtaíocht, lena n-áirítear:

- cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe na Comhairle agus an Ghrúpa Beartais Chorporáidigh agus vóta réitigh a chaitheamh ar gach ní, seachas ar Mhéara a thoghadh
- faisnéis a iarraidh ón bpríomhfheidhmeannach
- ionadaíocht a dhéanamh don chomhairle ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Faoi na tograí ón Rialtas, dhéanfaidh tromlach na dtoghthóirí ar fad den limistéar údaráis áitiúil an Méara/an tArd-Mhéara díorthofa a thoghadh ar feadh téarma iomlán Comhairle (i.e. 5 bliana). Bheadh freagracht air freisin as comhlíonadh a dhéanamh ar mhéid suntasach feidhmeanna feidhmiúcháin a bhfuil an Príomhfheidhmeannach freagrach astu faoi láthair. Dhéanfaidh an Méara/an tArd-Mhéara díorthofa maoirseacht ar obair an Phríomhfheidhmeannaigh agus chinnteodh sé go gcuirí cinní na Comhairle tofa chun feidhme. Leanfaidh an Méara/an tArd-Mhéara díorthofa de vóta a bheith aige sa Chomhairle ach ní fheidhmeodh sé vóta réitigh ar bheartais, ar phleananna, ar bhuiséid ná ar mhíreanna eile atá molta aige don Chomhairle thofa.

## **7. An mbeadh ról reatha an Mhéara/an Ard-Mhéara ann fós dá mba rud é go dtabharfaí Méara díorthofa isteach?**

Faoi na tograí ón Rialtas, ghlacfaidh Méara díorthofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige áit an Mhéara/an Ard-Mhéara reatha agus comhlíonfaidh sé an ról sin mar aon le méid suntasach de na feidhmeanna feidhmiúcháin a bhfuil Príomhfheidhmeannach freagrach astu faoi láthair.

## **8. Cad é an difríocht idir Méara agus Ard-Mhéara?**

Faoi na socruithe reatha, níl aon difríocht ann idir Méara agus Ard-Mhéara ó thaobh feidhmeanna de. Baineann an chuid is mó de na difríochtaí le teidil agus le traidisiún.

## **9. Cén ról a bheadh ag an gComhairle thofa dá mba rud é go mbeadh Méara/Ard-Mhéara dírhofa ann?**

Faoi na tograí ón Rialtas, chomhlíonfadh an Chomhairle thofa an ról seo a leanas:

- feidhmeanna forchoimeáda a fheidhmiú
- feidhmíocht an Mhéara/an Ard-Mhéara agus an Phríomhfheidhmeannaigh a mhaoirsiú
- tús a chur, i gcúinsí áirithe, le próiseas um Méara/Ard-Mhéara a chur as oifig
- bheith in ann tús a chur le próiseas le haghaidh Méara/Ard-Mhéara a bheith á athghairm ag muintir an limistéir Chomhairle.

## **10. Faoi na tograí ón Rialtas, an mbeadh athrú ann ar ról na Comhairle tofa dá mba rud é go mbeadh Méara/Ard-Mhéara dírhofa ann?**

Faoi na tograí ón Rialtas, bheadh athrú ann ar roinnt de na feidhmeanna reatha a gcomhlíonann an Chomhairle thofa iad. Mar shampla, ní dhéanfaidh an Chomhairle an Méara/an tArd-Mhéara a thoghadh a thuilleadh. Murab ionann agus an córas reatha, áit a vótálann an Chomhairle thofa le tromlach simplí chun an buiséad bliantúil arna mholadh ag an bPríomhfheidhmeannach a ghlacadh, mheasfaí an buiséad bliantúil arna mholadh ag an Méara/an Ard-Mhéara dírhofa a bheith glactha mura vótálann dhá dtrian den Chomhairle thofa ina aghaidh. Chomh maith leis sin, vótálfadh an Chomhairle thofa gach bliain chun Leas-Mhéara/LeasArd-Mhéara a thoghadh, ar duine é a n-ainmneodh an Méara/an tArd-Mhéara dírhofa é as measc chomhaltaí tofa na Comhairle. Ina ról maoirseachta, bheadh an Chomhairle thofa in ann ceisteanna a chur ar an Méara/an Ard-Mhéara ar bhonn rialta le haghaidh freagra foirmiúil a fháil i seomra na Comhairle. Bheadh sí in ann freisin tús a chur le próiseas um an Méara/an Ard-Mhéara a chur as oifig agus achainí aisghairme nó pobalbhreith a thionscnamh.

## **11. Cén ról a bheadh ag an bPríomhfheidhmeannach dá mba rud é go mbeadh Méara/Ard-Mhéara dírhofa ann?**

Faoi na tograí ón Rialtas, bheadh freagracht ar an bPríomhfheidhmeannach as soláthar praiticiúil phleananna beartais na Comhairle agus as bainistiú a dhéanamh ar bhailt foirne agus acmhainní eile na Comhairle ar bhonn laethúil. Bheadh feidhmeanna feidhmiúcháin áirithe ag an bPríomhfheidhmeannach fós, lena n-áireofaí:

- baill foirne a bhainistiú agus clár oibre na Comhairle a sholáthar
- cásanna aonair nó iarratais aonair a phróiseáil
- nithe forfheidhmithe
- gníomhaíochtaí bailithe ioncaim

- feidhmeanna pleanála áirithe

## **12. Cad is ‘feidhmeanna feidhmiúcháin’ ann? Cad is ‘feidhmeanna forchoimeáda’ ann?**

Tá dhá chatagóir feidhmeanna (freagrachtaí) ag an gComhairle. Tugtar ‘feidhmeanna forchoimeáda’ ar fheidhmeanna na Comhairle tofa. Tugtar ‘feidhmeanna feidhmiúcháin’ ar fheidhmeanna an Phríomhfheidhmeannaigh. Is ‘feidhm feidhmiúcháin’ í feidhm ar bith de chuid na Comhairle nach sainítear go follasach mar ‘feidhm fhorchoimeáda’.

Faoi na socruithe reatha, áirítear na nithe seo le feidhmeanna forchoimeáda na Comhairle tofa:

- buiséad bliantúil na Comhairle a ghlacadh (trí vótáil)
- beartais na Comhairle a ghlacadh
- an ráta Cánach Maoine Áitiúla a athrú
- Plean Forbartha Cathrach/Plean Forbartha Cathrach agus Contae a dhéanamh
- cinneadh a dhéanamh ar an ráta bliantúil ar luacháil le haghaidh Rátaí Tráchtála
- talamh de chuid na Comhairle a dhíol nó a dhiúscairt
- scéimeanna deontais a cheadú
- Plean Corparáideach agus Plean Soláthair Seirbhíse a ghlacadh

Áirítear na nithe seo a leanas le feidhmeanna feidhmiúcháin reatha an Phríomhfheidhmeannaigh:

- aon fheidhm nach bhfuil forchoimeáda go follasach don Chomhairle tofa
- doiciméid bheartais a ullmhú lena mbreithniú ag an gComhairle
- baill foirne agus soláthar seirbhísí a bhainistiú
- airgeadas na Comhairle a bhainistiú agus cuntas a thabhairt ann
- tuarascáil mhíosúil reachtúil a sholáthar don Chomhairle ina hiomláine (reáchtáiltear cruinnithe na Comhairle go poiblí agus os comhair na meán)
- scéimeanna tithíochta a riar agus tithíocht shóisialta a leithdháileadh
- tionscadail bhonneagair a bhainistiú
- cinneadh a dhéanamh ar iarratais phleanála
- deontais a leithdháileadh
- a chinntiú go gcomhlíonfar an dlí i dtaca le réimsí amhail Sláinte agus Sábháilteacht, teoracha ón Aontas Eorpach, etc.
- soláthar an Phlean Chorporáidigh agus an Phlean Bhliantúil Soláthair Seirbhíse a ullmhú agus a mhaoirsiú faoi stiúir na Comhairle

## **13. Conas a cheaptar an Príomhfheidhmeannach ar Chomhairle?**

Is trí chomórtas oscailte a reáchtálann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí é a cheaptar an Príomhfheidhmeannach ar Chomhairle.

#### **14. Cad a tharlóidh i gcás go vótálfaidh an tromlach i bhfabhar méara dírhofa a bheith ann?**

Áirítear iad seo a leanas leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás go vótálfaidh an tromlach i limistéar Comhairle ar leith i bhfabhar Méara/Ard-Mhéara dírhofa:

- Ullmhóidh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil tuarascáil ina leagfar amach tograí maidir le dlí a achtú lena bhforálfar do Mhéara/Ard-Mhéara dírhofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige a thabhairt isteach sa limistéar údaráis áitiúil lena mbaineann agus cuirfidh an tAire an tuarascáil sin faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ansin.
- Ní bheidh aon cheanglas dlíthiúil ar Thithe an Oireachtais aon dréachtdlí a thíolacfaidh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil dóibh a rith.
- Más rud é go rithfidh an dá Theach den Oireachtas an reachtaíocht agus go gcuirfidh an tUachtarán a lámh léi, éascóidh an Rialtas toghchán do Mhéara/Ard-Mhéara dírhofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige.

#### **15. Cad a tharlóidh i gcás go vótálfaidh an tromlach in aghaidh an togra maidir le méara dírhofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige a bheith ann?**

Áirítear iad seo a leanas leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann sna limistéir Chomhairle lena mbaineann i gcás go vótálfaidh an tromlach i limistéar Chomhairle Cathrach Chorcaí, i limistéar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh nó i limistéar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge in aghaidh an togra:

- Déanfar an struchtúr reatha rialtais áitiúil – lena n-áirítear an roinnt freagrachtaí idir na feidhmeanna forchoimeáda atá ag ionadaithe tofa agus na feidhmeanna feidhmiúcháin atá ag an bPríomhfheidhmeannach – a choinneáil mar atá sé sa limistéar údaráis áitiúil lena mbaineann faoi láthair.
- Beidh cumas ag an Rialtas agus ag comhaltaí den Oireachtas go fóill reachtaíocht maidir le méara dírhofa a tháirgeadh agus a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

#### **16. Cad a tharlóidh i gcás go vótálfaidh limistéar riaracháin (comhairle) amháin chun glacadh leis an togra maidir le méara dírhofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige a bheith ann agus go vótálfaidh na comhairlí eile chun diúltú dó?**

Ceanglaítear ar an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil tuarascáil a ullmhú ina leagfar amach tograí maidir le reachtaíocht i leith ceann ar bith de na trí limistéar Comhairle a vótálfaidh i bhfabhar Méara/Ard-Mhéara dírhofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige a bheith ann agus an tuarascáil sin a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ansin.

Más rud é go vótálfaidh an tromlach i gceann ar bith de na trí limistéar Comhairle in aghaidh an togra, déanfar an struchtúr reatha rialtais áitiúil – lena n-áirítear an roinnt freagrachtaí idir na feidhmeanna forchoimeáda atá ag Comhairleoirí agus na feidhmeanna feidhmiúcháin atá

ag an bPríomhfheidhmeannach – a choinneáil mar atá sé sa limistéar Comhairle sin faoi láthair.

### **17. Cé na buntáistí agus na míbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le Méara/Ard-Mhéara dírhofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige a bhunú?**

Ní lánsoiléir atá na hiarmhairtí iomlána a bheadh i gceist le Méara/Ard-Mhéara dírhofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige a thabhairt isteach.

Is iad seo a leanas na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le Méara/Ard-Mhéara dírhofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige a bheith ann:

- Bheadh an Méara cuntasach go díreach agus go daonlathach do mhuintir na limistéar Comhairle
- D'fhéadfadh an feachtas toghcháin mhéara feasacht a mhúscailt, agus an díospóireacht phoiblí a mhéadú, ar na roghanna beartais atá ann i réimse an rialtais áitiúil sula ndéanfaí aon chinntí ina leith
- Tharraingeofaí tuilleadh airde ar obair an rialtais áitiúil agus ar ról an Mhéara/an Ard-Mhéara
- D'fhéadfadh Méara/Ard-Mhéara dírhofa tathant a dhéanamh ar son feidhmeanna na Comhairle a mhéadú

Is iad seo a leanas na míbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le Méara/Ard-Mhéara dírhofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige a bheith ann:

- Bheadh cumhacht mhéadaithe i seilbh ag duine aonair tofa amháin agus ag oifig an duine sin
- Bheadh tionchar diúltach ann ar na cumhachtaí agus an seasamh atá ag comhaltaí tofa reatha
- Bheadh costais mhéadaithe ann don Chomhairle
- Bheadh próiseas níos casta le sárú ag an gComhairle agus beartais agus cinntí á ndéanamh aici

D'fhéadfadh go mbeadh buntáistí agus/nó míbhuntáistí eile ann nach bhfuil liostaithe thuas.

### **18. Cé na costais mheasta a bhaineann le hoifig Méara dhírhofa a bhunú?**

Cé nach bhfuil na costais bheachta ar fad ar eolas, d'fhéadfadh na costais bhreise a bhaineann leis na tograí ón Rialtas maidir le hoifig Méara/Ard-Mhéara dhírhofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige a bhunú a bheith sa raon idir €313,000 agus €450,000. (Tá tuarastal an mhéara san áireamh sa meid seo ach níl aon chostais phinsin fhéideartha ar áireamh anseo don mhéara dírhofa)

Ar deireadh, is faoin Oireachtas a bheadh sé plé leis na costais in aon reachtaíocht amach anseo agus is faoin gComhairle í féin a bheadh sé plé leo nuair a bhíonn an buiséad bliantúil agus na socruithe foirne d'oifig an Mhéara/Árd Mhéara dhírhofa á gcomhaontú aici. Is ó acmhainní na Comhairle a d'íocfaí na costais lena mbaineann.

**Miondealú ar na costais bhliantúla mheasta a bheadh ann do gach Comhairle i leith oifig ardmhéara dhírthofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige:**

<b>Cur síos</b>	<b>Comhairle Cathrach Chorcaí €</b>	<b>Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh €</b>	<b>Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge €</b>
Tuarastal an Mhéara	129,854	129,854	129,854
Speansais Dheimhnithe an Mhéara	16,000	16,000	16,000
Tuarastal Comhairleora Speisialta	74,049	74,049	74,049
Tuarastal Oifigigh Chláir	74,049	74,049	74,049
Tuarastal Tiománaí	38,367	38,367	38,367
Tuarastal Baill Foirne Riaracháin – Ghrád V	49,612	49,612	49,612
Tuarastal Baill Foirne Riaracháin – Ghrád III	32,941	32,941	32,941
Forchostais Oifige	103,434	103,434	103,434
Liúntas Reatha an Mhéara	-30,000	-30,000	-30,000
Baill Foirne Riaracháin Reatha	-69,725	-40,741	-24,806
Chostais tiománaí	-47,000		
Forchostais mheasta reatha	-26,388	-16,853	-11,611
<b>Meastachán in aghaidh an Údaráis Áitiúil</b>	<b>345,193</b>	<b>430,712</b>	<b>451,889</b>

Nótaí:

- Is ag teacht lena bhfuil beartaithe ag an Rialtas atá tuarastal agus speansais an mhéara agus na tuarastail do bheirt chomhairleoirí agus do thiománaí amháin.
- Seachas i gcás tuarastal an mhéara, tá Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) ón bhFostóir (10.95%) ar áireamh sna tuarastail atá tugtha sa tábla seo. Mar oifigeach tofa, bheadh méara ina shealbhóir oifige agus, dá bhrí sin, ní bheadh sé faoi réir ÁSPC ón bhFostóir.
- Ríomhadh na forchostais mheasta ach noirm earnála a úsáid, bunaithe ar chostais tuarastail.
- Níl aon chostais phinsin fhéideartha ar áireamh anseo don mhéara dírthofa.

## 19. Conas a gheobhaidh an pobal faisnéis faoi na pobalbhreitheanna?

Cuireadh Coiste ar bun chun feachtas faisnéise poiblí ar na pobalbhreitheanna a éascú agus chun maoirseacht a dhéanamh air. Tá an Coiste faoi chathaoirleacht ag breitheamh scortha den Ard-Chúirt agus cuimsíonn sé comhairleoir dlí neamhspleách, ionadaithe do Chomhairle Cathrach Chorcaí, do Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus ionadaithe don Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Tá an feachtas faisnéise poiblí ar siúl ar fud roinnt ardán difriúil. Cuirfear fógraí faoi na pobalbhreitheanna sna nuachtáin áitiúla agus náisiúnta, ar stáisiúin raidió áitiúla agus sna meáin shóisialta. Cuirfear póstaer ar taispeáint in oifigí poiblí sna trí limistéar Comhairle. Beidh treoir do vótálaithe ar fáil in oifigí poiblí agus dáilfear í ar gach teaghlach sna trí limistéar Comhairle.

Cuirfear cruinnithe faisnéise poiblí ar siúl i ngach comhairle ar na dátaí seo a leanas freisin:

- Comhairle Cathrach Chorcaí: Dé Máirt an 14 Bealtaine 2019, An tAitriam, Halla na Cathrach, Bóthar Anglesea, Cathair Chorcaí, ag 7.30pm
- Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge: Dé Céadaoin an 15 Bealtaine 2019, Óstán an Túir, Port Láirge, ag 7.30pm
- Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh: Déardaoin an 16 Bealtaine 2019, Foirgneamh na hEolaíochta Ríomhaireachta, Ollscoil Luimnigh, ag 7.30pm

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar an suíomh Gréasáin [www.mayors.gov.ie](http://www.mayors.gov.ie)

## 20. Cad é an costas a bhaineann leis an bhfeachtas faisnéise poiblí agus cé atá ag íoc as?

Ós rud é nach bhfuil na costais iomlána deiridh ar fáil go fóill, is é seo a leanas an costas measta a bhaineann leis an bhfeachtas faisnéise poiblí:

Cur síos ar an gcostas		Méid €
Treoir do vótálaithe:		
- Dearadh agus priontáil	51,250	
- Dáileadh	35,500	
- Ábhar do dhaoine faoi mhíchumas	10,000	96,750
Fógraí ar stáisiúin raidió áitiúla:		
- Táirgeadh	9,000	
- Ceannach fógraí	23,000	32,000
Fógraí sna nuachtáin		18,000
Cruinnithe faisnéise poiblí		1,000
Fógraí sna meáin shóisialta		500
Costais aistriúcháin		5,000



<b>COSTAIS IOMLÁNA</b>	<b>153,250</b>
------------------------	----------------

Tríd is tríd, tá na costais sin á n-íoc ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Tá seans ann go n-íocfar costais áirithe ó acmhainní na Comhairle í féin.

**21. Cé a fhéadfaidh seasamh i dtoghchán do Mhéara dírhofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige?**

Dar leis an Rialtas, ba cheart an próiseas ainmniúcháin do Mhéara/Ard-Mhéara a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige a chur ar chomhréim leis an bpróiseas ainmniúcháin d'iarrthóir i dtoghchán do Dháil Éireann. Bheartaigh an Rialtas an nós imeachta seo a leanas:

- Féadfaidh aon iarrthóir é nó í féin a ainmniú nó féadfaidh moltóir an t-iarrthóir a ainmniú le toiliú an iarrthóra. Ní mór do mholtóir bheith cláraithe mar thoghthóir sa limistéar údaráis áitiúil a mbeartaíonn sé nó sí an t-iarrthóir a ainmniú dó.
- Ní mór deimhniú cleamhnachta polaitíochta a bheith ag gabháil le hainmniúchán iarrthóra ó pháirtí polaitíochta cláraithe.
- Mura bhfuil aon deimhniú ag gabháil leis, beidh an dearbhú reachtúil ó 250 aontaitheoir atá cláraithe sa limistéar údaráis áitiúil ag teastáil roimh dhul in éag na tréimhse ina nglacfar le hainmniúchán.

**22. Faoi na tograí ón Rialtas, an mbeadh iarrthóirí i dtoghchán do Mhéara/Ard-Mhéara dírhofa in ann seasamh i dtoghchán mar Chomhairleoirí freisin?**

Faoi na tograí ón Rialtas, bheadh iarrthóir i dtoghchán do Mhéara/Ard-Mhéara dírhofa in ann seasamh i dtoghchán mar Chomhairleoir freisin. Dá mba rud é, áfach, go dtoghfaí iarrthóir mar Chomhairleoir agus mar Mhéara/Ard-Mhéara araon agus go roghnódh sé nó sí oifig an mhéara a shealbhú, ba cheart caitheamh lena áit nó lena háit ar an gComhairle thofa mar chorrholúntas. Ba cheart an áit a líonadh trí chomhthoghadh ansin de réir na bhforálacha reatha le haghaidh corrfholúntais a líonadh.

Faoi na tograí ón Rialtas, d'fhéadfadh comhaltaí den Oireachtas agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa seasamh i dtoghchán do Mhéara/Ard-Mhéara dírhofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige. Ní fhéadfadh siad dé-shainordú a shealbhú, áfach, agus bheadh orthu na freagrachtaí atá orthu i leith an Oireachtais nó Pharlaimint na hEorpa a ghéilleadh.

**23. Dá mba rud é go mbeadh Méara/Ard-Mhéara dírhofa ann, an amhlaidh, faoi na tograí ón Rialtas, go mbainfí suíochán amháin ón líon suíochán atá ar fáil do chomhairleoirí ar an gComhairle thofa nó go gcuimseodh an Chomhairle thofa an líon céanna comhairleoirí i dteannta méara dírhofa?**

Dá mba rud é go mbeadh Méara/Ard-Mhéara dírhofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige ann, is amhlaidh, faoi na tograí ón Rialtas, go gcuirfí comhalta amháin leis an líon comhaltaí atá ar an gComhairle thofa faoi láthair.

**24. Faoi na tograí ón Rialtas, cén uair a d'fhéadfadh na chéad toghcháin do mhéara dírhofa a bhfuil feidhmeanna feidhmiúcháin aige a bheith ar siúl?**

Sa pháipéar tograí beartais uaidh, dúirt an Rialtas gurb amhlaidh, dá mba rud é go n-achtófaí an reachtaíocht, go bhféadfadh an chéad toghchán do Mhéara/Ard-Mhéara dírhofa a bheith ar siúl sa bhliain 2022. Sa chás sin, mhairfeadh an ról ar feadh téarma dhá bhliain ar dtús. Bheadh an chéad téarma méara cúig bliana i gcomhthráth ansin leis an gcéad timthriall cúig bliana eile le haghaidh na dtoghchán áitiúil do Chomhairleoirí (2024-2029).

***Tá an doiciméad ceisteanna coitianta seo ceaptha chun críocha faisnéise amháin agus ní airbheartaíonn sé gur doiciméad dlí é. Ní airbheartaíonn sé ach oiread go dtugtar aon chomhairle dlí nó aon léiriú dlí ann.***